FÉACH THART Rang 6

STAIR

le Máire Ní Ghallchobhair

Scéim bliana le haghaidh Rang 6 atá sa phacáiste **Féach Thart: Stair**. Cuirtear 19 dtéama staire i láthair na ndaltaí, iad uile bunaithe ar cheann de shnáithaonaid an churaclaim.

Dhá chuid atá sa phacáiste:

- 19 Sraith sleamhnán (comhaid *Powerpoint* atá ar fáil ar www.angum.ie)
- Leabhar Oibre

Moltar don mhúinteoir an tsraith sleamhnán a úsáid ar dtús chun an téama staire a chur i láthair na ndaltaí. Spreagfaidh an cur i láthair na daltaí le suim a chur san ábhar agus le bheith fiosrach faoi. Pléifidh na daltaí ábhar na sleamhnán agus tabharfaidh siad faoi na gníomhaíochtaí a léirítear iontu. Tugtar naisc chuig suíomhanna gréasáin éagsúla ag deireadh gach sraithe sleamhnán, rud a thabharfaidh deis do na daltaí breis eolais a fháil ar pé téama atá faoi chaibidil sna sleamhnáin.

Tá na 19 mír sa leabhar oibre bunaithe ar an ábhar sna sraitheanna sleamhnán. Tugtar deis do na daltaí dul siar ar a bhfuil foghlamtha acu agus tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar. Tabharfaidh na daltaí faoi cheisteanna scríofa a fhreagairt, crosfhocail a líonadh, focalchuardach a dhéanamh, abairtí a scríobh, léaráidí a tharraingt, agus mórchuid gníomhaíochtaí eile. Déanfaidh siad anailís freisin, ar bhealaí éagsúla eile, ar an eolas a cuireadh ina láthair sna sraitheanna sleamhnán.

Moltar na téamaí a chur i láthair san ord ina bhfuil siad sa leabhar oibre, mar atá:

1. An Dara Cogadh Domhanda
2. Stair na Cumarsáide
3. Fathach na Samhna
4. Féilte
5. An tSean-Ghréig
6. Na Cluichí Oilimpeacha
7. Peirséas agus Meadúsa
8. Tom Crean
9. Éirí Amach na Cásca
10. Cogadh na Saoirse
11. An Cogadh Cathartha
12. Trí Shúil an Cheamara
13. Cearta Vótála do Mhná
14. Impireacht na nAstacach
15. Dónall Ó Conaill
16. Amlíne na hÉireann
17. An Reifirméisean
18. Stair na Gaeilge
19. Na Cluichí Gaelacha